Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0331(NLE)**

**13627/23**
**ADD 2**

**ASILE 95**
**JAI 1238**
**MIGR 303**
**FRONT 291**
**COEST 535**
**SOC 655**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13544/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382<br>- Glacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó Phoblacht na Seice maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Gnóthaí Baile) an 19 Deireadh Fómhair 2023. Cuirfear an ráiteas i miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle.

**IARSCRÍBHINN**

- RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE -

Ar an gcaoi chéanna le Ballstáit eile agus go háirithe iad siúd atá ar an túslíne, tá cúnamh á chur ar fáil ag Poblacht na Seice, ó cuireadh tús le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar cúnamh é nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, do dhaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh.
An 15 Deireadh Fómhair 2023, as beagnach 600 000 (571 511) iarratasóir a cláraíodh, tá os cionn 360 000 tairbhí de chosaint shealadach (sciar de 8.7 % de na clárúithe gníomhacha san Aontas) arb ionann é agus 3 % dá daonra, á n-óstáil fós ag Poblacht na Seice. Agus 8 000 iarratasóir bhreise nuachláraithe ann gach mí, is í Poblacht na Seice an Ballstát is mó a ndéantar difear dó *per capita*. Cuireann Poblacht na Seice an treoir maidir le cosaint shealadach chun feidhme go cuí agus chomhaontaigh sí go gcuirfear síneadh léi go dtí mí an Mhárta 2025, toisc go gcreideann sí go láidir freisin go bhfuil gá le freagairt chomhpháirteach Eorpach ar an staid seo. Dá réir sin, agus i gcomhréir le conclúidí an 9 Feabhra agus an 30 Meitheamh 2023 ó EUCO, tá Poblacht na Seice ag dréim leis go gcuirfidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais bhreise leordhóthanach agus sholúbtha ar fáil chun cabhrú leis an ualach airgeadais gaolmhar a mhaolú ar an leibhéal náisiúnta (de réir shonraí ECFE, in 2022, chaith Poblacht na Seice an tríú méid is mó, is é sin 1.96 billiún, euro chun costais ghaolmhara mhaireachtála, oideachais agus sláinte a chumhdach).